Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0111(COD)**

**8499/23**
**ADD 2**

**EF 109**
**ECOFIN 359**
**CODEC 656**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Aibreán 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 226 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis na Tograí le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a mhaoiniú RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a mhaoiniú TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/49/AE a mhéid a bhaineann le raon feidhme árachais taiscí, úsáid cistí scéimeanna ráthaithe taiscí, comhar trasteorann, agus trédhearcacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 226 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 226 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 18.4.2023
SWD(2023) 226 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

**[…]**

***a ghabhann leis na***

**Tograí le haghaidh**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**
**lena leasaítear 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a mhaoiniú**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**
**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a mhaoiniú**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**
**lena leasaítear Treoir 2014/49/AE a mhéid a bhaineann le raon feidhme árachais taiscí, úsáid cistí scéimeanna ráthaithe taiscí, comhar trasteorann, agus trédhearcacht**

{COM(2023) 226 final} - {SEC(2023) 230 final} - {SWD(2023) 225 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

**Measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar an gcreat bainistíochta géarchéime banc agus árachais taiscí (CMDI) (an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc (BRRD), an Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair (an Rialachán maidir le SRA), an Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí (DGSD))**

### A. An gá atá le beart

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?**

Ceapadh an creat bainistíochta géarchéime agus árachais taiscí (CMDI) chun teip institiúidí creidmheasa d'aon mhéid nó d'aonsamhail ghnó a sheachaint agus a bhainistiú. Is iad is cuspóirí dó cobhsaíocht airgeadais a choinneáil ar bun, taisceoirí a chosaint, úsáid tacaíochta poiblí a íoslaghdú, an baol morálta a theorannú agus cothrom iomaíochta a áirithiú sa mhargadh aonair, agus scriosadh luacha a sheachaint san am céanna. Ar an iomlán, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go bhfuil creat CMDI ag feidhmiú go héifeachtach le haghaidh roinnt cuspóirí (cosaint na cobhsaíochta airgeadais), ach nach bhfuil sé ag feidhmiú chomh maith agus a d'fhéadfadh sé i gcás cuspóirí eile (airgead agus taisceoirí na gcáiníocóirí a chosaint, agus cothrom iomaíochta a áirithiú sa mhargadh aonair). Dá bhrí sin, tá gá le feabhsuithe, go háirithe ar na saincheisteanna seo a leanas:

- Tá an deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht gann fós i dtaca le teipeanna bainc a bhainistiú. Mar shampla, d'fhéadfadh difríocht mhór a bheith idir cinneadh na n-údarás poiblí maidir le dul i muinín uirlisí réitigh nó dócmhainneachta ar fud Bhallstáit an Aontais.
- Na líontáin sábhála arna maoiniú ag an tionscal, tá siad neamhéifeachtach fós agus na coinníollacha éagsúla maidir le rochtain ar chistiú i gcás réitigh agus lasmuigh de, tá siad ann i gcónaí, rud a imríonn tionchar ar dhreasachtaí agus a chruthaíonn deiseanna arbatráiste agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an uirlis bainistithe géarchéime a úsáidfear chun cosaint níos fearr a thabhairt do thaiscí.
- Tá cosaint taisceoirí neamhchothrom agus neamhréireach i gcónaí ar fud Bhallstáit an Aontais agus d'fhéadfadh sé nach bhfuil cistiú na Scéime Ráthaithe Taiscí (SRT) sách láidir, go háirithe in éagmais Scéim Eorpach Árachais Taiscí (SEÁT).

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Agus na saincheisteanna sin á gcur san áireamh, is é is aidhm don athbhreithniú ar CMDI cuspóirí bunúsacha uile an chreata a bhaint amach ar bhealach níos fearr tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cobhsaíocht airgeadais agus leanúnachas fheidhmeanna criticiúla na mbanc don tsochaí a chaomhnú;
- taisceoirí a chosaint agus muinín na dtomhaltóirí a áirithiú;
- feidhmiú an mhargaidh aonair a choimirciú agus cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud an Aontais;
- an úsáid a bhaintear as airgead cáiníocóirí a íoslaghdú agus smacht margaidh a áirithiú.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Leis an athbhreithniú, leasófar reachtaíocht an Aontais (BRRD, an Rialachán maidir le SRA agus DGSD). Tá údar maith leis na leasuithe atá beartaithe ar leibhéal an Aontais mar gheall ar na naisc láidre idir na hearnálacha airgeadais náisiúnta agus riosca tadhlachta agus iarmharta; cineál trasteorann roinnt mhaith institiúidí airgeadais; agus an tionchar sistéamach a d'fhéadfadh a bheith ag teip aon bhainc ar chobhsaíocht airgeadais (fiú bainc bheaga agus mheánmhéide). Ní féidir ach le gníomhaíocht ón Aontas na huirlisí agus na cumhachtaí iomchuí a sholáthar d'údaráis réitigh náisiúnta agus Eorpacha chun bainc anásta de gach méid agus de gach samhail ghnó a bhainistiú ar bhealach ordúil. Is féidir gníomhaíocht ón Aontas a dhéanamh tríd an gcreat comhchuibhithe réitigh nuair a mheastar go bhfuil imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta míchuí chun taisceoirí, airgead na gcáiníocóirí agus cobhsaíocht airgeadais a chosaint. Is féidir le gníomhaíocht ón Aontas cothrom iomaíochta, margadh aonair feabhsaithe do sheirbhísí baincéireachta agus cóir chomhionann do gach taisceoir agus banc ar fud an Aontais a áirithiú. San am céanna, ní fhorchuirtear le gníomhaíocht ón Aontas straitéis áirithe a roghnófar do bhainc anásta, ach soláthraíonn sé creat comhsheasmhach d'údaráis náisiúnta agus Eorpacha chun na cinntí iomchuí agus comhréireacha a dhéanamh de réir an cháis.

### B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha ab fhearr ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

I bhfianaise na nasc láidir idir an bosca uirlisí bainistithe géarchéime agus cistiú an bhosca sin, breithníodh

pacáistí de roghanna beartais sa mheasúnú tionchair. Leis na pacáistí roghanna beartais sin, cruinnítear gnéithe ceaptha ábhartha an chreata CMDI le chéile chun cur chuige cuimsitheach agus comhsheasmhach a áirithiú. Roinnt athruithe atá beartaithe maidir le bearta luath-idirghabhála, na truicir chun bainc atá i mbéal teipthe nó ar dócha dóibh teip a chinneadh, agus comhchuibhiú gnéithe áirithe de DGSD, is gnéithe coiteanna iad ar fud na bpacáistí rogha a breithníodh.

Tá na pacáistí éagsúla de roghanna beartais dírithe den chuid is mó ar anailís a dhéanamh ar na féidearthachtaí chun raon feidhme an réitigh a leathnú go hinchreidte agus go héifeachtach, ó thaobh feidhme de maidir le leibhéal na huaillmhéine i dtaca leis an gcistiú a dhéanamh níos inrochtana i gcás réitigh. Go háirithe, déantar breithniú sna roghanna beartais ar úsáid chistí SRT i gcás réitigh a mhaolú, lena n-áirítear iad a úsáid chun a bheith ina 'ndroichead' faoin gcoimirciú tástála is lú costas, chun feabhas a chur ar an gcomhréireacht maidir le rochtain a fháil ar na cistí réitigh náisiúnta/an Ciste Réitigh Aonair (RF/SRF) do bhainc, go háirithe bainc bheaga agus mheánmhéide atá faoi réir straitéisí aistrithe le himeacht ón margadh. Fiosraíonn siad freisin an bhféadfaí cistí SRT a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla faoi thástáil chomhchuibhithe is lú costais le haghaidh beart seachas eisíocaíocht taiscí faoi chumhdach i gcás dócmhainneachta. Leis an gcur chuige sin, féachtar le feabhas a chur ar chomhoiriúnacht na ndreasachtaí d'údaráis réitigh nuair a roghnaítear an uirlis is iomchuí chun géarchéim a bhainistiú. Má dhéantar cistí SRT a dhíghlasáil do bhearta nach bearta le haghaidh eisíocaíocht taiscí faoi chumhdach, braitheann sé ar rangú SRT in ordlathas na n-éileamh. Dá bhrí sin, déantar iniúchadh sna roghanna beartais freisin ar chásanna éagsúla maidir le tosaíocht do taisceoirí a chomhchuibhiú in ordlathas na n-éileamh.

Tá beagán feabhais ar chistiú réitigh ar na torthaí a fhaightear ó na roghanna beartais, agus raon feidhme réitigh atá i gcomhréir (Rogha 2) le feabhsuithe níos uaillmhianaí ar an bhfoirmle chistiúcháin, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí leathnú níos substaintiúla a dhéanamh ar an raon feidhme réitigh chun bainc níos lú agus bainc mheánmhéide a chumhdach (Rogha 3) i gcoibhneas le Rogha 1 (bonnlíne) agus Rogha 2. Is éard atá i Rogha 4 athchóiriú uaillmhianach ar chreat CMDI, lena n-áirítear SEÁT (samhail idirmheánach, hibrideach SEÁT, atá éagsúil le togra 2015 ón gCoimisiún). Cé nach bhfuil an Grúpa Euro fós tagtha ar chomhthoil maidir leis an mbealach chun cinn faoi SEÁT, aithníonn formhór Bhallstáit an Aontais agus Parlaimint na hEorpa an obair a rinneadh ar an leibhéal teicniúil agus a thábhachtaí atá sé SEÁT a bhunú ar mhaithe le stóinseacht an chreata agus le cur i gcrích an Aontais Baincéireachta. Dá bhrí sin, cuirtear san áireamh é sa rogha seo maidir le hiomláine theicniúil agus comhsheasmhacht cheapadh an bheartais, mar sin féin, tar éis measúnú a dhéanamh air, ceapadh nach mbeadh sé indéanta ó thaobh na polaitíochta de ag an staid seo.

I ngeall ar na feabhsuithe uaillmhianacha ach réadúla ar chreat CMDI faoi Rogha 3, go háirithe, ar a fhoirmle chistiúcháin mar aon le raon feidhme réitigh comhréireach agus dreasachtaí ailínithe chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an uirlis géarchéime is fearr do bhainc bheaga agus mheánmhéide, is é sin an rogha is fearr (in éagmais comhaontú polaitiúil maidir le SEÁT).

**Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

Tacaíonn an chuid is mó de Bhallstáit an Aontais leis an bprionsabal go leathnófaí an raon feidhme réitigh chun bainc bheaga agus mheánmhéide áirithe a chumhdach nuair is fearr a bhainfeadh réiteach cuspóirí an chreata amach, tríd an measúnú ar leas an phobail a shoiléiriú, lena n-áirithítear rochtain inchreidte ar chistiú i gcás réitigh le haghaidh na gcineálacha sin banc. Tá siad i bhfách le tuilleadh comhréireachta a chomhtháthú sna rialacha maidir le rochtain ar chistiú le cabhair ón SRT faoi thástáil chomhchuibhithe ar an gcostas is lú agus an coinníoll íosta maidir le rochtain ar tharrtháil inmheánach ar chistiú réitigh a chaomhnú.

Ar an iomlán, tacaíonn taisceoirí agus tomhaltóirí le creat lena gcuirtear níos mó banc i gcás réitigh agus lena mbaintear leas as líontáin sábhála arna gcistiú ag an tionscal, rud a laghdódh an riosca go bhforchuirfí caillteanais ar thaiscí, agus san am céanna an leas a bhaintear as airgead na gcáiníocóirí a mhaolú.

Is léir do na bainc, go ginearálta, gur fiú an creat CMDI a shoiléiriú; mar sin féin, chuir siad a n-imní in iúl freisin. Ar thaobh amháin, tá imní ar roinnt de na bainc bheaga faoi na costais a d'fhéadfadh a bheith ann dá mbeadh raon feidhme méadaithe réitigh ann, mar aon le ceanglais ICDI (comhréireacha) a d'fhéadfadh a bheith ann agus úsáid níos leithne a bheith á bhaint as líontáin sábhála arna gcistiú ag an tionscal. Ar an taobh eile, tacaíonn na bainc atá níos mó le cur i bhfeidhm níos leithne réitigh agus cuireann siad béim ar an ngá atá le maoláin ICDI a thógáil. Mar sin féin, níl siad geal ar an bhféidearthacht na líonta sábhála a úsáid, go háirithe chun bainc bheaga agus mheánmhéide a réiteach.

Tá formhór Bhallstáit an Aontais i bhfabhar SEÁT agus is oth leo an deis a cailleadh chun leas a bhaint as na sineirgí le creat CMDI san athbhreithniú sin. Ar an iomlán, tá an earnáil i bhfabhar SEÁT freisin, go háirithe i

gcás na n-éifeachtúlachtaí costais a d'fhéadfadh a bheith ann, rud a d'fhéadfadh a fhágáil go mbeidh ranníocaíochtaí níos ísle á ndéanamh le líontáin sábhála.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Is é is aidhm do gach ceann de na trí phacáiste roghanna beartais creat dreasacht-bhunaithe a chruthú trí chur i bhfeidhm uirlisí réitigh a spreagadh ar bhealach níos comhsheasmhaí, trí dheimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht a mhéadú, cothrom iomaíochta a bhaint amach, rochtain ar líontáin sábhála choiteanna a éascú, agus roinnt roghanna malartacha a choinneáil ar bun lasmuigh de nósanna imeachta dócmhainneachta náisiúnta san am céanna. Mar sin féin, de réir a gceaptha, baintear amach na cuspóirí sin, ach sin go pointe difriúil, trí bhíthin na bpacáistí roghanna agus, ó thaobh na polaitíochta de, bheadh cuid díobh níos fusa a dhéanamh ná cuid eile.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Bheadh de thoradh ar eilimintí éagsúla na dtrí rogha beartais go mbeadh leibhéil éagsúla costas agus dáileadh costas ann.

Na bainc atá curtha in áirithe lena réiteach, leanfaidís de bheith ag comhlíonadh an cheanglais chun leibhéil leordhóthanacha d'acmhainneacht ionsúcháin inmheánach caillteanais a áirithiú agus d'éireoidís níos inréitithe. Is measúnú de réir an cháis é an toradh a bheadh ar leathnú an raoin feidhme réitigh go mbeadh costais níos airde ann do bhainc a d'aistreofaí ó bheith á mheas lena leachtú go dtí a bheith curtha in áirithe lena réiteach. Toisc mhaolaitheach a bheadh ann don phobal agus don tsochaí ina hiomláine luach sócmhainní a chaomhnú (mar gheall ar straitéisí aistrithe a éascú le himeacht margaidh ordúil), úsáid laghdaithe ar airgead na gcáiníocóirí agus tarrtháil inmheánach taisceoirí a sheachaint trí úsáid níos forleithne a bhaint as SRT faoin tástáil coimirce ar an gcostas is lú. Mar sin féin, trí chistí SRT agus RF/CRA a úsáid, d'fhéadfaí riachtanais athshlánaithe a spreagadh freisin trí ranníocaíochtaí *ex post* ón tionscal, rud nach ndéanfaí, a chúiteamh in éagmais SEÁT, le haon lascainn i ranníocaíochtaí na mbanc leis na líontáin sábhála.

I gcás tomhaltóirí agus taisceoirí (lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna)), ba cheart na costais a bheith teoranta agus ba cheart gur mhó na tairbhí ná iad. Go háirithe, trí chosaint mhéadaithe do thaisceoirí, trí chobhsaíocht airgeadais, trí chaomhnú luacha níos fearr trí fheidhmeanna criticiúla baincéireachta a choimirciú agus trí úsáid laghdaithe a bhaint as airgead cáiníocóirí.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

I bhfianaise ról lárnach na mbanc maidir le cistiú agus seirbhísí airgeadais a chur ar fáil do thomhaltóirí agus do FBManna, ba cheart go rachadh cobhsaíocht fheabhsaithe na hearnála baincéireachta trí athchóiriú CMDI chun tairbhe na ngrúpaí sin, a mhéid a bhaineann lena rochtain ar mhaoiniú agus maidir lena gcosaint mar thaisceoirí.

**An imreofar tionchar mór ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Cuspóir d'athchóiriú CMDI is ea an leas a bhaintear as airgead cáiníocóirí a laghdú a thuilleadh nuair a bhíonn teip banc á láimhseáil. Ar thaobh amháin, d'fhéadfadh méadú beag teacht ar an ualach riaracháin le haghaidh lucht riaracháin (údaráis réitigh i.e. tuilleadh pleananna réitigh a ullmhú agus tuilleadh cinntí riaracháin a eisiúint). Ar an taobh eile, bhainfeadh na riaracháin tairbhe as níos mó deimhneachta dlíthiúla agus intuarthachta torthaí agus gníomhaíochtaí réitigh á ndéanamh acu nó as cur i bhfeidhm na n-uirlisí bainistithe géarchéime iomchuí lasmuigh den réiteach.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Ní bheidh.

## D. Obair leantach

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Déanfar meastóireacht iomlán ar an reachtaíocht cúig bliana tar éis an sprioc-ama cur chun feidhme chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí agus a éifeachtúla a bhí sí ó thaobh na cuspóirí a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo a bhaint amach, agus chun a chinneadh an bhfuil gá le bearta nó leasuithe nua.